Folúntas do Leas-Bhainisteoir Oibriúcháin

Cur síos Ginerárálta
Cuidíonn an Leas-Bhainisteoir Oibriúcháin le forbairt agus le bainistiú shéasúr na dTuras Scoile in UISCE. Is é príomhaidhm an leas-bhainisteora, cinntiú go ndéantar freastal mar is cuí ar riachtanais gach grúpa faoina c(h)úram ionas go bhfágfaidh siad sásta le gach gné dá gcuid ama in UISCE. Oibreoidh an Leas-Bhainisteoir Oibriúcháin faoi stiúradh an Bhainisteora Ginearálta. Beidh sé/sí freagrach as riarachán agus as lóistíocht na gcúrsaí a thagann chuig UISCE a chomhordú. Tá ról lárnach aige/aici i ngnó nua a aimsiú agus teagmháil a dhéanamh le scoileanna, comhlachtaí agus clubanna chun féilire shéasúr na ngrúpaí a líonadh.

Riachtanais
Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais thíosluaite a chomhlánú ionas go bhféadfar an post a dhéanamh mar is cuí:

1. Gaeilge líofa
2. Cumas scríbhneoireachta Gaeilge ar ardchaighdeán
3. Ceadúnas tiomána iomlán
4. Ardchumas scileanna sóisialta agus óstaigh
5. Teastas ardteistiméireachta bainte amach

Cáilíochtaí inmhianaithe
Siod iad dea-thréithe inmhianaithe an iarrthóra idéalaigh:

1. Cáilíocht mhúinteoireachta
2. Uimhir ón gcomhairle múinteoireachta
3. Cáilíocht thríú leibhéal
4. Ardchumas scileanna ag obair le *Microsoft – Excel* ach go háirithe
5. Taithí i spórt uisce nó obair i gColáiste UISCE
6. Taithí bhainistíochta nó i mbainistíocht dhaonna

Má tá suim agat i bpost linn, déan teagmháil linn @: foireann@uisce.ie
Is é 30/09/22 an spriocdáta le haighead iarratas a chuir isteach.
Tá eolas sa bhreis le fáile ar https:/uisce.ie/jobs